



An Bhruiséil, 9 Nollaig 2025  
(OR. en)

15796/25

**ECOFIN 1587**

**UEM 580**

**FIN 1437**

**ECB**

**EIB**

**GNÍOMHARTHA REACTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

---

Ábhar: CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear  
Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an  
mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile

---

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le  
formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta<sup>1</sup>, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

<sup>1</sup> IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj>.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I ndiaidh don Phortaingéil an plean téarnaimh agus athléimneachta ('an plean') náisiúnta a chur isteach an 22 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún don Chomhairle gur measúnú dearfach a dhéanfaí ar an bplean sin. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme<sup>2</sup> ('Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle le Cinntí Cur Chun Feidhme an 17 Deireadh Fómhair 2023<sup>3</sup>, an 8 Deireadh Fómhair 2024<sup>4</sup>, an 13 Bealtaine 2025<sup>5</sup> agus an 29 Meán Fómhair 2025<sup>6</sup> ón gComhairle .
- (2) An 31 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Phortaingéil iarraidh réasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin ar thogra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean a bhaint amach go páirteach a thuilleadh de dheasca imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean leasaithe curtha isteach ag an bPortaingéil.

### ***Leasuithe atá bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

- (3) Na leasuithe ar an bplean a chuir an Phortaingéil isteach de dheasca imthosca oibiachtúla, baineann siad le 136 mbeart.

---

<sup>2</sup> Féach doiciméid ST 10149/21 agus 10149/21 ADD 1 REV 1 ag <http://register.consilium.europa.eu>.

<sup>3</sup> Féach doiciméid ST 13351/23 agus 13351/23 ADD 1 REV 1 ag <http://register.consilium.europa.eu>.

<sup>4</sup> Féach doiciméid ST 13497/24 agus 13497/24 ADD 1 ag <http://register.consilium.europa.eu>.

<sup>5</sup> Féach doiciméid ST 8055/25 agus 8055/25 ADD 1 ag <http://register.consilium.europa.eu>.

<sup>6</sup> Féach doiciméid ST 12491/25 agus 12491/25 ADD 1 ag <http://register.consilium.europa.eu>.

- (4) Tá sé mínithe ag an bPortaingéil go bhfuil cúig bheart nach féidir a bhaint amach a thuilleadh de dheasca srianta ar an slabhra soláthair agus deacrachtaí teicniúla gan choinne. Baineann sé sin le bearta C01-i12 (Tógáil Ospidéal Oirthear Liospóin), C14-i01 (Hidrigin agus gás in-athnuaite), C15-i07 (Leathnú Líonra Meitreo Liospóin — Líne Dhearg chuig Alcântara, céim na tógála), C21-i06 (Beart méadaithe: Hidrigin agus gás in-athnuaite) agus C21-i08 (Solúbthacht agus stóráil an líonra). Thairis sin, mhínigh an Phortaingéil nach féidir beart C20-r37 (Athchóiriú ar an Oideachas Digiteach) a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar an ualach riaracháin a bhaineann le críochú soiléir a áirithiú idir cistí éagsúla de chuid an Aontais. Ar an mbonn seo, tá sé iarrtha ag an bPortaingéil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.
- (5) Tá sé mínithe ag an bPortaingéil go bhfuil 10 mbeart nach féidir a bhaint amach go páirteach a thuilleadh, de dheasca deacrachtaí teicniúla nach raibh coinne leo. Baineann sé seo le bearta C01-i01 (Seirbhísí cúraim sláinte phríomhúil le níos mó freagra), C03-i07-RAA (Líonra na dtithe cúraim cónaithe do dhaoine scothaosta a uasghrádú agus a leathnú (ERPIInna)), C06-i06 (Acmhainneachtaí san Eolaíocht), C07-i06 (Limistéir Glaetha Gnó – Cur i gcrích), C08-i02 (Clárlann maoinne tuaithe agus Córas Faireacháin ar Chumhdach Talún), C09-i01 (Plean Réigiúnach na hAlgarve um Éifeachtúlacht Uisce), C15-i08 (Síneadh a chur le Líonra Metro Porto — Casa da Música-Santo Ovídio, céim na tógála), C17-i01 (Córais Faisnéise um Bainistíocht Airgeadais Phoiblí), C19-i03 (An creat cibearshlándála foriomlán a neartú) agus , C19-i05-RAM (Aistriú digiteach riarachán poiblí Mhaidéara). Ar an mbonn seo, tá sé iarrtha ag an bPortaingéil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (6) Tá sé mínithe ag an bPortaingéil go bhfuil sé bheart nach féidir a bhaint amach go páirteach a thuilleadh, de dheasca srianta a bhaineann leis an slabhra soláthair. Baineann sé seo le bearta C02-i02 (Deontas Náisiúnta maidir le Cóiríocht Éigeandála agus Shealadach), C03-i01 (Glúin nua trealaimh agus freagairtí sóisialta), C08-i04 (Modhanna chun dóiteáin tuaithe a chosc agus a chomhrac), C10-i01 (An Mol Gorm, Líonra Bonneagair don Gheilleagar Gorm), C20-i01 (An t-aistriú digiteach san oideachas), C21-i04-RAM (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí i Maidéara). Ar an mbonn seo, tá sé iarrtha ag an bPortaingéil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.
- (7) Tá sé mínithe ag an bPortaingéil go bhfuil deich mbeart nach féidir a bhaint amach go páirteach a thuilleadh, de dheasca easpa éilimh. Baineann sé seo le bearta C01-i02 (Líonra Náisiúnta um Chúram Leanúnach Comhtháite agus Líonra Náisiúnta um Chúram Maolaitheach), C01-i05-RAM (Seirbhís Sláinte Réigiúnach Mhaidéara a Neartú), C03-i02 (Inrochtaineacht 360°), C04-i01 (Líonraí Cultúrtha agus an tAistriú Digiteach), C05-i04-RAA (Athchaipitliú Chóras Gnó na nAsór), C13-i01 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe), C13-i02 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh rialtais láir), C16-i02 (Aistriú Digiteach Fiontar), C16-i03 (Catalaíoch le haghaidh Aistriú Digiteach Fiontar), agus C21-i03 (Beart méadaithe: Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a úsáidtear san earnáil seirbhísí). Ar an mbonn seo, tá sé iarrtha ag an bPortaingéil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

- (8) Tá sé mínithe ag an bPortaingéil go bhfuil dhá bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme sa chaoi go mbainfear amach an uailmhian a bhí i gceist leis na bearta sin i dtús ama. Baineann sé seo le bearta C01-i11-RAA (Nuachóiriú agus athcháiliú na Seirbhíse Sláinte Réigiúnaí) agus C03-i04-RAA (Cur Chun Feidhme na Straitéise Réigiúnaí maidir leis an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac — Líonraí Tacaíochta Sóisialta). Ar an mbonn seo, tá sé iarrtha ag an bPortaingéil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.
- (9) Tá sé mínithe ag an bPortaingéil go bhfuil 99 mbeart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme trína bhféadfar an t-ualach riaracháin a laghdú agus chun cur chun feidhme Chinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin a bhaint amach an tráth céanna. Baineann sé seo le bearta C01-i03 (An t-athchóiriú meabhairshláinte a chur i gcrích agus an straitéis um néaltrú a chur chun feidhme), C01-i04 (Nuachóiriú agus athchóiriú limistéar ospidéal agus trealaimh le haghaidh ospidéal), C01-i06 (An tAistriú Sláinte Digiteach), C01-i07-RAM (Digitú Sheirbhís Sláinte Réigiúnach Mhaidéara), C01-i08-RAA (Ospidéal Digiteach sna hAsóir), C01-i09 (Córas Tacaíochta Uilíoch don Saol Gníomhach), C01-i10 (Clár Nuachóirithe Teicneolaíochta na Seirbhíse Sláinte Náisiúnta), C02-i01 (An Clár Tacaíochta um Rochtain ar Thithíocht), C02-i03-RAM (Soláthar tithíochta sóisialta i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara a neartú), C02-i04-RAA (Dálaí tithíochta a mhéadú i stoc tithíochta Réigiún Féinrialaitheach na nAsóir), C02-i05 (Stoc tithíochta poiblí inacmhainne), C02-i06 (Cóiríocht mac léinn ar phraghsanna inacmhainne), C02-i07-RAA (Bonneagar le haghaidh dáileachtaí talún le haghaidh tithíocht chónaitheach), C02-i09 (An Clár Tacaíochta um Rochtain ar Thithíocht),

C02-i08-RAA (Atreisiú an stoic tithíochta sóisialta), C03-i03-RAM (Freagairtí sóisialta i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara a neartú), C03-i05 (Ardán + Rochtain), C03-i06 (Oibríochtaí comhtháite i bpobail faoi mhíbhuntáiste i Limistéir Chathracha Liospóin agus Porto), C03-r38 (Simpliú agus Éifeachtacht an Chórais Slándála Sóisialta), C04-i02 (Oidhreacht Chultúrtha), C05-i01.01 (Slógadh agus an Clár Oibre Glas/Comhghuaillithe don Nuálaíocht Ghnó.), C05-i02 (Misean Comhéadain — athnuachan an líonra tacaíochta eolaíochta agus teicneolaíochta agus treoir maidir le creatlach tháirgiúil), C05-i03 ( Clár oibre taighde agus nuálaíochta don talmhaíocht inbhuanaithe, bia agus agra-tionscal [An Clár Oibre Nuálaíochta don Talmhaíocht 2030]), C05-i05-RAA (Téarnamh Eacnamaíoch Thalmhaíocht na nAsór), C05-i06 (Caipitliú cuideachtaí agus athléimneacht airgeadais/Banco Português de Fomento), C05-i07-RAM ( Ionstraimí caipitlithe do chuideachtaí i Maidéara), C05-i08 (Níos Mó Eolaíochta Digití), C05-i11 (Uas-scálú: Cláir Oibre/Comhghuaillithe don Nuálaíocht Ghnó a Shlógadh (Iasachtaí)), C05-i13 (Aonaid taighde eolaíoch), C05-i14 (Nuálaíocht ghnó), C05-i15-RAA (Ciste cothromais le haghaidh athchaipitliú Chóras Gnó na nAsór), C05-i16 (Urrann an Bhallstáit InvestEU), C06-i01 (Nuachóiriú soláthair agus institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna), C06-i03 (Dreasacht do dhaoine fásta), C06-i04 (Spreagadh don Óige - STEAM), C06-i05-RAA (Cáilíocht Aosach agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil (Réigiún Féinrialaitheach na nAsór)), C06-i07 (Níos mó spreagadh digiteach), C06-i09 (Scoileanna nua nó athchóirithe), C06-r14 (Athchóiriú ar ghairmoideachas agus gairmoiliúint), C07-i00 (Athchóiriú ar ghairmoideachas agus gairmoiliúint), C07-i02 (Naisc atá in easnamh agus acmhainneacht an Líonra a mhéadú), C07-i03 (naisc thrasteorann), C07-i04 (Limistéir Fáiltithe Gnó — Inrochtaineacht ar bhóithre), C07-i05-RAA (Ciorcaid Lóistíochta — Líonra Réigiúnach na nAsór),

C08-i01 (Claochlú Tírdhreacha i Limistéir Foraoise Leochaileacha - Infheistíocht), C08-i03 (Fálta bainistithe connaidh — príomhlíonra), C08-i05 (An Clár um Níos Mó Foraoise), C09-i01 (Plean Réigiúnach na hAlgarve um Éifeachtúlacht Uisce), C09-i03-RAM (Plean um éifeachtúlacht uisce agus córais soláthair agus uiscithe Mhaidéara a neartú), C09-i05 (Páirc Fhótavoltach Alqueva), C10-i01 (An Mol Gorm, Líonra Bonneagair don Gheilleagar Gorm agus an tuairisc ar infheistíocht), C10-i02 (An tAistriú Glas agus an tAistriú Digiteach agus an tSábháilteacht in Iascaigh), C10-i03 (Lárionad Oibríochtaí um Chosaint an Atlantaigh agus ardán cabhlaigh), C10-i04-RAA (Forbairt an ‘Cluster do Mar dos Açores’), C10-i05-RAA (An t-aistriú fuinnimh, an digitiú agus laghdú an tionchair ar an gcomhshaol san earnáil iascaigh agus do bharshaothraithe), C10-i06-RAM (Teicneolaíochtaí aigéanacha), C10-i07 (Loingseoireacht Ghlas), C11-i01 (Dícharbónú an tionscail), C12-i01 (Bithgheilleagar), C12-i02 (Athchúrsáil agus aisghabháil dramhaíola), C12-r39 (An geilleagar ciorclach agus bainistiú dramhaíola níos éifeachtúla a chur chun cinn), C13-i03 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a úsáidtear san earnáil seirbhísí), C14-i02-RAM (Neartaitheacht an leictreachais in-athnuaite in Oileánra Mhaidéara), C14-i03-RAA (An t-aistriú fuinnimh sna hAsóir), C15-i04 (Mearbhealach Busanna Boavista – Império), C15-i06 (Digitiú an Iompair Iarnróid), C16-i04 (Tionscal 4.0), C16-i05-RAA (Acmhainneacht Dhigiteach agus Claochlú Fiontar sna hAsóir), C16-i06-RAM (Tionscal 4.0), C17-i02 (Nuachóiriú chórais faisnéise an Údaráis Cánach agus Custaim maidir le cánachas maoinne tuaithe), C17-i03 (Aistriú Digiteach seirbhísí Leasa Shóisialaigh), C17-r32 (Bainistíocht Airgeadais Phoiblí a Nuachóiriú agus a Shimpliú), C17-r40 (Simpliú an Chórais Cánach), C18-i01 (Ceartas eacnamaíoch agus an timpeallacht ghnó - Infheistiú), C18-r33 (Ceartas eacnamaíoch agus an timpeallacht ghnó), C19-i01 (Seirbhísí poiblí agus consalachta a athdhearadh), C19-i02 (Seirbhísí leictreonacha inbhuanaithe), C19-i03 (An creat cibearshlándála foriomlán a neartú), C19-i04 (Bonneagar digiteach criticiúil atá éifeachtúil, slán agus comhroinnte), C19-i05-RAM (Aistriú digiteach riarachán poiblí Mhaidéara), C19-i06-RAA (Aistriú digiteach an riaracháin poiblí sna hAsóir),

C19-i07 (Riarachán poiblí a bhfuil sé de chumhacht aige luach poiblí a chruthú), C19-i08 (Críocha Cliste), C19-r42 (Córas meastóireachta nua chun lucht saothair an riaracháin phoiblí a chumhachtú agus a athnuachan), C20-i02-RAA (An t-oideachas digiteach (na hAsóir)), C20-i03-RAM (Dlús a chur le digitiú an oideachais i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara), C21-i01 (Beart méadaithe: Dícharbónú an Tionscail), C21-i02 (Beart méadaithe: Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe), C21-i05 (Tacaíocht d'Fhorbairt an Tionscail Ghlais), C21-i07 (Staidéir theicniúla maidir le hacmhainneacht fuinnimh amach ón gcósta), C21-i09 (Ionad ilfhreastail chun tionscadail fuinnimh in-athnuaite a cheadúnú agus faireachán a dhéanamh orthu), C21-i10-RAA (Córas dreasachtaí chun córais stórála fuinnimh in-athnuaite a cheannach agus a shuiteáil sna hAsóir), C21-i11-RAM (Córas dreasachtaí chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgeadh agus a stóráil i Maidéara agus Porto Santo), C21-i12 (Beart méadaithe: Dícharbónú Flíteanna Iompair Phoiblí), C21-i13-RAM (Dícharbónú an iompair), C21-i14 (Mearbhealach Busanna Braga), C21-i16 (Iarnród Cáblach Nazaré), C21-r43 (Faireachlann Náisiúnta um Bochtaineacht Fuinnimh), C21-r44 (Ionaid ilfhreastail éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt do shaoránaigh (Spásanna Fuinnimh do Shaoránaigh)), C21-r45 (Scileanna Glasa) agus C21-r48 (Simpliú an chreata dhlíthiúil agus rialála is infheidhme maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite). Ar an mbonn seo, tá sé iarrtha ag an bPortaingéil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (10) Tar éis bearta a bhaint nó leibhéal a gcur chun feidhme a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, d'iarr an Phortaingéil úsáid a bhaint as formhór na n-acmhainní a saoradh trí na bearta a bhaint agus tríd an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun trí bheart nua a chur leis an bplean. Baineann sé seo le bearta C14-i04 (Scéim Deontais le haghaidh na hidrigine agus an gháis in-athnuaite), C21-i17 (Scéim chun tacú le hidrigin in-athnuaite agus gáis in-athnuaite) agus C21-i18 (Scéim chun tacú le solúbthacht agus stóráil an líonra). Thairis sin, tá sé iarrtha ag an bPortaingéil go ndéanfaí leibhéal chur chun feidhme 12 bheart a ardú. Baineann sé seo le bearta C01-i01 (Seirbhísí cúraim sláinte phríomhúil le níos mó freagraí), C01-i02 (Líonra Náisiúnta um Chúram Leanúnach Comhtháite agus Líonra Náisiúnta um Chúram Maolaitheach), C01-i04 (Limistéir ospidéal agus trealamh ospidéal d'ospidéal a nuachóiriú agus a athchóiriú), C02-i01 (An Clár Tacaíochta um Rochtain ar Thithíocht), C02-i04-RAA (Dálaí tithíochta a mhéadú i stoc tithíochta Réigiún Féinrialaitheach na nAsóir), C05-i05 (Stoc tithíochta poiblí inacmhainne), C05-i02 (Misean Comhéadain — athnuachan an líonra tacaíochta eolaíochta agus teicneolaíochta agus treoir maidir le creatlach tháirgiúil), C05-i13 (Aonaid taighde eolaíoch), C05-i15-RAA (Ciste cothromais le haghaidh athchaipitliú Chóras Gnó na nAsóir), C05-i14 (Nuálaíocht Ghnó), C06-i09 (An Clár um Níos Mó Foraoise), C08-i05 (An Clár um Níos Mó Foraoise) agus C16-i05-RAA (Acmhainneacht Dhigiteach agus Claochlú Fiontar sna hAsóir). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir.

### ***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

- (11) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun go gcuirfeadh san áireamh na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir an Phortaingéil i láthair.

## *Measúnú an Choimisiúin*

- (12) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe de réir na gcritéar measúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

### *Gan dochar suntasach a dhéanamh*

- (13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiríteofar leis an bplean leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart (rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a chuimsítear sa phlean sin, nach ndéanfaidh aon bheart dá leithéid dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>7</sup> (an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’).
- (14) Chuir an Phortaingéil measúnú isteach i ndáil leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ i gcás gach ceann de na hinfeistíochtaí nua. Na modhnuithe eile ar na bearta a cuimsíodh sa phlean bunaidh, níl tionchar acu ar an measúnú ar an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’. De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid go meastar nach ndéanfaidh aon bheart sa phlean leasaithe dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

---

<sup>7</sup> Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: <https://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj/eng>).

### ***Rannchuidiú leis an aistriú glas, an bhithéagsúlacht san áireamh***

- (15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, an bhithéagsúlacht san áireamh, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn uaidh sin. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, is é 37,33 % an sciar de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe atá i gceist leis, agus is é 94,69 % an sciar atá i gceist leis maidir le costas iomlán measta na mbeart sa chaibidil REPowerEU, costais a ríomhadh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an phlean leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021-2030.
- (16) Ar an iomlán, de thoradh na ndifríochtaí idir na bearta modhnaithe ó thaobh ábhair clibeála aeráide de, fágann na leasuithe atá déanta ar phlean na Portaingéile go bhfuil glanlaghdú 1,76 pointe céatadáin tagtha ar an rannchuidiú foriomlán le sprioc aeráide an phlean chéanna, ionas gur 37,33% atá i gceist anois seachas 39,09 %. D'ainneoin an laghdaithe, tá uailmhian fhoriomlán an phlean leasaithe maidir leis an aistriú glas fós ard. Meastar go fóill go laghdóidh bearta an phlean leasaithe na hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus go n-éascóidh siad glacadh fuinnimh in-athnuaite agus go rannchuideoidh siad ar an gcaoi sin le spriocanna aeráide 2030 a bhaint amach agus leis an gcuspóir go mbeidh an tAontas aeráidneodrach faoi 2050.

### ***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

- (17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshlán a eascraíonn uaidh. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha, is é 22,80 % an sciar de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe atá i gceist leis, leithdháileadh a ríomhadh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.
- (18) Ar an iomlán, de thoradh na ndifríochtaí idir na beart modhnaithe ó thaobh ábhair clibeála digítí de, fágann na leasuithe atá déanta ar phlean na Portaingéile go bhfuil glanmhéadú 1,14 pointe céatadáin tagtha ar an rannchuidiú foriomlán le sprioc digiteach an phlean chéanna, ionas gur 22,80 % atá i gceist seachas 21,67 %. Leis an bplean leasaithe, táthar ag rannchuidiú go mór leis an aistriú digiteach i gcónaí trí na nithe a leanas a dhéanamh, i measc nithe eile – cur le digiteáil an riaracháin phoiblí agus digiteáil fiontar, líon na seirbhísí digiteacha do shaoránaigh agus do ghnólachtaí a mhéadú, agus infheistíochtaí a dhéanamh i ríomhsheirbhísí sláinte agus i ndigiteáil na hearnála iompair.

### ***Costáil***

- (19) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

- (20) Sholáthair an Phortaingéil meastacháin costais aonair maidir leis na hinfheistíochtaí modhnaithe agus nua a áirítear sa phlean leasaithe, meastacháin a bhraitheann ar laghdú nó méadú comhréireach, agus ar roinnt foinsí tacaíochta. Tá an fhaisnéis faoi chostais arna soláthar ag an bPortaingéil mionsonraithe agus réasúnaithe go leor den chuid is mó. Sholáthair an Phortaingéil meastacháin agus toimhdí ar chostais, lena n-áirítear mínithe ar na príomhspreagthaí agus ar na príomhathruithe ar chostas na mbeart modhnaithe agus ar a gcomhréireacht. Sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais agus ar na doiciméid tacaíochta, léirítear go bhfuil údar maith le formhór chostais na mbeart nua, agus go bhfuil siad réasúnta agus inchreidte. Ina theannta sin, tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach soláthartha ag an bPortaingéil chun a chruthú nach gcumhdaítear méid an chostais iomláin mheasta le maoiniú ón Aontas atá ann cheana nó atá beartaithe. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

*Aon chritéir mheasúnaithe eile*

- (21) Measann an Coimisiún nach ndéantar difear, leis na leasuithe arna gcur chun cinn ag an bPortaingéil, don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean de réir na gcritéar measúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (da), (db), (g), (h), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

- (22) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>8</sup>, mheas an Phortaingéil gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) den Rialachán sin. Mheas an Phortaingéil, áfach, nach raibh aon tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta air le háireamh sa phlean leasaithe toisc go bhfuil cistiú faighte cheana féin ag cuid de na tionscadail sin ó fhoinsí eile de chuid an Aontais seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Ina theannta sin, tionscadail a bhfuil Séala Ceannasachta acu nach bhfuil cistiú faighte acu go fóill, d'fhéadfaí iad a chistiú faoin mbeart nua C05-i14 (Nuálaíocht ghnó) sa phlean leasaithe.

***Measúnú dearfach***

- (23) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá i dtaca le cur chun feidhme an phlean leasaithe a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean leasaithe.

---

<sup>8</sup> Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj>).

### *Ranníocaíocht airgeadais*

- (24) Is é EUR 21 905 333 169 costas iomlán measta phlean leasaithe na Portaingéile. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Phortaingéil, an ranníocaíocht airgeadais iomlán, arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>9</sup> agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, a leithdháilfear ar phlean leasaithe na Portaingéile, EUR 16 325 113 960 ba cheart a bheith inti. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais atá á cur ar fáil don Phortaingéil.

---

<sup>9</sup> Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj>).

## *Iasachtaí*

- (25) Chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, cuireadh tacaíocht iasachta iomlán EUR 5 890 756 353 ar fáil don Phortaingéil trí bhíthin Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle. Tar éis deireadh a chur le bearta C01-i12 (Tógáil Ospidéal Oirthear Liospóin) agus C15-i07 (Leathnú Líonra Meitreo Liospóin – An Líne Dhearg go Alcântara – céim na tógála) agus an laghdú ar leibhéal cur chun feidhme bearta C07-i06 (Limistéir Fáiltithe Gnó – Cur i gcrích) agus C15-i08 (Tógáil Shíneadh Líonra Meitreo Porto – Casa da Música-Santo Ovídio – céim na tógála) i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, níor iarr an Phortaingéil cuid de na hacmhainní iasachta a saoradh a úsáid chun tacú le bearta nua nó chun cur le leibhéal cur chun feidhme na mbearta atá ann cheana laistigh den phlean. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean níos ísle ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar fáil don Phortaingéil agus an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Phortaingéil trí bhíthin Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021. Dá bhrí sin, ba cheart an tacaíocht iasachta iomlán atá á cur ar fáil don Phortaingéil a laghdú ionas gur EUR 5 580 219 209 a bheidh i gceist.
- (26) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a ionadú go hiomlán.

(27) Tá an Cinneadh seo gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhféadfaí tabhairt faoi a bhainfeadh le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár eile de chuid an Aontais seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, nó aon nós imeachta a bhféadfaí tabhairt faoi a bhainfeadh le saobhadh ó thaobh oibriú an mhargaidh inmheánaigh de, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

#### *Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Portaingéile, measúnú a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

### *Airteagal 2*

#### *Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile mar a leanas:

- (1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
  - ‘1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Phortaingéil ar fiú EUR 5 580 219 209 í ar a mhéad.’;
- (2) cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 3*

*Seoláí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Portaingéile.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

---